Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Samhain 2017**
**(OR. en)**

**15131/17**

**ENV 1007**
**FIN 812**
**FSTR 84**
**FC 93**
**REGIO 118**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 30 Samhain 2017 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14095/17 ENV 902 FIN 704 FSTR 76 FC 85 REGIO 108 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "An Treoir maidir le hUisce Óil a chur chun feidhme: tá feabhas tagtha ar cháilíocht an uisce agus ar an rochtain air sa Bhulgáir, san Ungáir agus sa Rómáin, ach tá riachtanais shuntasacha infheistíochta ann i gcónaí"<br>- Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "An Treoir maidir le hUisce Óil a chur chun feidhme: tá feabhas tagtha ar cháilíocht an uisce agus ar an rochtain air sa Bhulgáir, san Ungáir agus sa Rómáin, ach tá riachtanais shuntasacha infheistíochta ann i gcónaí", mar a ghlac an Chomhairle é ag an 3580ú cruinniú dá cuid, a bhí ar siúl ar an 30 Samhain 2017.

**IARSCRÍBHINN**

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'An Treoir maidir le hUisce Óil a chur chun feidhme: tá feabhas tagtha ar cháilíocht an uisce agus ar an rochtain air sa Bhulgáir, san Ungáir agus sa Rómáin, ach tá riachtanais shuntasacha infheistíochta ann i gcónaí'**

**- Conclúidí ón gComhairle**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

AG MEABHRÚ DI an Treoir maidir le hUisce Óil[1] lena ndírítear ar shláinte an duine a chosaint ar na héifeachtaí díobhálacha a bhaineann le haon éilliú uisce atá ceaptha le hól ag an duine trína áirithiú go bhfuil sé folláin, glan, agus meastóireacht an Choimisiúin Eorpaigh ar REFIT na Treorach sin[2]:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa[3];

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur díríodh san iniúchadh ní hamháin ar cháilíocht an uisce óil ach cibé ar tháinig feabhas ar rochtain shábháilte na saoránach ar uisce óil ardcháilíochta sa Bhulgáir, san Ungáir agus sa Rómáin de bharr ghníomhaíochtaí an Aontais nó nár tháinig, agus IS DÍOL SÁSAIMH DI tátal na tuarascála gur tháinig feabhas ar sholáthar uisce óil ardcháilíochta, agus ar rochtain na saoránach air sin, sna trí Bhallstát sin tar éis aontachas na dtrí thír leis an Aontas;

3. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go luaitear sa tuarascáil go bhfuil limistéir ann go fóill ina soláthraítear uisce do shaoránaigh ón líonra soláthair phoiblí nach gcomhlíonann caighdeáin an Aontais ina n-iomláine;

1 Treoir 98/83/CE ón gComhairle an 3 Samhain 1998 maidir le cáilíocht uisce atá ceaptha le hól ag daoine (IO L 330, 5.12.1998, lgh. 32–54).

2 15301/16 + ADD 1.

3 IO C 303, 14.9.2017, lch. 5.

4. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuarthas amach sa tuarascáil gur rannchuidigh Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus an Ciste Comhtháthaithe (CC) go mór le feabhas a chur ar cháilíocht an uisce óil agus ar an rochtain ar an soláthar sin;

5. AITHNÍONN SÍ gur gá tuilleadh infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a dhéanamh lena áirithiú go mbeidh rochtain ag gach saoránach ar uisce ar ardcháilíocht, agus CUIREANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé maoiniú intuartha, leordhóthanach, rialta a chur ar fáil chun go ndéantar an chothabháil agus an athnuachan chuí ar an mbonneagar soláthair uisce;

6. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuairisciú a éascú maidir le cur chun feidhme na Treorach maidir le hUisce Óil agus réitigh éagsúla TF a chur chun cinn, agus IARRANN sí ar na Ballstáit leanúint den fhaisnéis iarrtha a chur ar fáil;

7. IARRANN SÍ ar na Ballstáit aisghnóthú costas a áirithiú, agus inacmhainneacht a dtaraifí uisce a chur san áireamh, chun inbhuanaitheacht, cothabháil agus athnuachan an bhonneagair uisce a chinntiú;

8. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na bearta is gá a ghlacadh chun a áirithiú go mbíonn rochtain ag tomhaltóirí ar fhaisnéis, atá cothrom le dáta, faoi cháilíocht an uisce óil;

9. IARRANN SÍ ar na Ballstáit teicneolaíochtaí agus cleachtais nuálacha a chur chun cinn chun caillteanais uisce a laghdú agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le húsáid inbhuanaithe, éifeachtúil uisce;

10. TÁ SÍ AG SÚIL le togra a fháil ón gCoimisiún le haghaidh Treoir athbhreithnithe maidir le hUisce Óil.